



# **DÁIL ÉIREANN**

---

**BILLE NA GAELTACHTA, 2012 [SEANAD]  
GAELTACHT BILL 2012 [SEANAD]**

**LEASUITHE COISTE  
COMMITTEE AMENDMENTS**

---





# DÁIL ÉIREANN

---

## GAELTACHT BILL 2012 [SEANAD] —COMMITTEE STAGE

---

### *Amendments*

---

#### SECTION 1

1. In page 8, subsection (2), lines 16 to 20, to delete all words from and including “, other” in line 16 down to and including “provisions.” in line 20 and substitute “comes into operation six months after the day the Act is passed, or by order of the Minister, such later date.”.

—Peadar Tóibín.

#### SECTION 2

2. In page 8, line 22, after “Gaeltacht” to insert “in this State”.

—Peadar Tóibín.

3. In page 8, between lines 22 and 23, to insert the following:

“In this Act, “the Minister in the North of Ireland” means the Minister of Culture, Arts and Leisure in the Northern Assembly.”.

—Peadar Tóibín.

#### SECTION 6

4. In page 10, between lines 29 and 30, to insert the following:

“ “Joint Oireachtas Committee” means Joint Oireachtas Committee of the Environment, Culture and the Gaeltacht;”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

5. In page 10, lines 30 to 32, to delete all words from and including “(whether” in line 30 down to and including “persons;” in line 32 and substitute the following:

“which will conform to standards and structures to be prescribed by the Minister;”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

6. In page 10, line 31, to delete “or a corporation sole” and substitute “, corporation sole, cooperative society, or voluntary community organisations”.

—Peadar Tóibín.

#### SECTION 7

7. In page 10, subsection (2), line 43, to delete “may” and substitute “shall”.

—Peadar Tóibín.

# DÁIL ÉIREANN

## BILLE NA GAELTACHTA 2012 [SEANAD] —AN COISTE

### *Leasuithe*

#### ALT 1

1. I leathanach 9, fo-alt (2), línte 16 go 20, na focail go léir ó “seo,” i líne 16 síos go dtí “éagsúla.” i líne 20 agus sin san áireamh, a scriosadh agus “seo i ngníomh sémhí tar éis an lae a rithfear an tAcht, nó ar ordú ón Aire, cibé acu dáta is déanaí” a chur ina n-ionad.

—Peadar Tóibín.

#### ALT 2

2. I leathanach 9, líne 22, “sa Stát seo” a chur isteach i ndiaidh “agus Gaeltachta”.

—Peadar Tóibín.

3. I leathanach 9, idir línte 22 agus 23, an fo-alt nua seo a leanas a chur isteach: “San Acht seo, ciallaíonn “an tAire i dTuaisceart Éireann”, an tAire Cultúir, Ealaíon, agus Fóillíochta i gComhthionól Thuaisceart Éireann.”.

—Peadar Tóibín.

#### ALT 6

4. I leathanach 11, idir línte 29 agus 30, an méid seo a leanas a chur isteach: “ciallaíonn “Comhchoiste Oireachtais” an Comhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht;”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

5. I leathanach 11, línte 30 go 31, na focail go léir ó “(cibé” i líne 30 síos go dtí “daoine;” i líne 31, agus na focail sin san áireamh, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“a chomhlíonfaidh caighdeáin agus struchtúir a bheidh le forordú ag an Aire;”

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

6. I leathanach 11, líne 31, “nó corparáid aonair” a scriosadh agus “, corparáid aonair, comharchumann, neó eagrais phobail deonacha” a chur isteach.

—Peadar Tóibín.

#### ALT 7

7. I leathanach 11, fo-alt (2), líne 41, “Déanfaidh” a chur in ionad “Féadfaidh”.

—Peadar Tóibín.

[SECTION 7]

8. In page 12, between lines 8 and 9, to insert the following subsection:

“(3) When designating a specified area under *subsection (2)*, the Minister shall be cognizant of the linguistic circumstances of the community who live in that area and will not designate an area which contains communities which are linguistically dissimilar to each other.”

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

9. In page 12, between lines 8 and 9, to insert the following subsection:

“(3) When designating a specified area under *subsection (2)* of this section, the Minister shall take into account the state of the Irish language in the community living in that area, and he or she shall not designate in the same language area two communities which are linguistically dissimilar.”

—Peadar Tóibín.

10. In page 12, subsection (3)(a), line 15, after “concerned” to insert the following:

“and in which the communities that live in them are linguistically similar”.

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

11. In page 12, subsection (4), line 23, to delete “or adjacent to”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

12. In page 12, subsection (4), line 24, after “concerned” to insert the following:

“and in which organisation Irish is the working language”.

—Peadar Tóibín.

13. In page 12, subsection (5), line 29, after “area” to insert the following:

“but only after An tÚdarás arranges to hold a public forum on the issue”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

14. In page 12, subsection (6), lines 30 to 39, to delete all words from and including “an” in line 30 down to and including “selection.” in line 39 and substitute the following:

“organisations that have applied under *subsection (4)* and that, in the opinion of Údarás na Gaeltachta, are the organisations that are the most capable of participating with an tÚdarás in the preparation of a plan the purpose of which is to provide for and encourage the increased use of the Irish language in the family, educational, public, social, recreational and commercial life of the area concerned (in this section referred to as an “Irish language plan”), in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify the organisations in writing of this selection.”

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

[ALT 7]

8. I leathanach 13, i ndiaidh líne 8, an fo-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“(3) Le linn don Aire limistéar sonraithe a ainmniú faoi *fho-alt (2)*, cuirfidh an tAire san áireamh staid na Gaeilge sa phobal atá ina gcónaí sa limistéar sin, agus ní ainmneoidh sé nó sí limistéar ina bhfuil cónaí ar phobail atá neamhchosúil lena chéile go teangeolaíoch.”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

9. I leathanach 13, idir línte 8 agus 9, an fo-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“(3) Le linn don Aire limistéar sonraithe a ainmniú faoi *fho-alt (2)* den alt seo, beidh aird aige nó aici ar staid na Gaeilge i measc an phobail atá ina gcónaí sa limistéar sin, agus ní ainmneoidh sé nó sí sa limistéar teanga céanna dhá phobal atá neamhchosúil óna chéile ó thaobh teangeolaíochta de.”.

—Peadar Tóibín.

10. I leathanach 13, fo-alt (3)(a), líne 14, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “lena mbaineann”:

“agus ina bhfuil na pobail atá ina gcónaí iontu comhchosúil lena chéile go teangeolaíoch”.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

11. I leathanach 13, fo-alt (4), líne 24, “, nó tadhlaigh leis,” a scriosadh

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

12. I leathanach 13, fo-alt (4), líne 24, “agus ar eagraíocht ina bhfuil an Ghaeilge mar an teanga oibre agus ghnó.” a chur isteach i ndiaidh “nó tadhlaigh leis”.

—Peadar Tóibín.

13. I leathanach 13, fo-alt (5), líne 31, i ndiaidh “dá éis”, an méid seo a leanas a chur isteach:

“, ach sin amháin i ndiaidh don Údarás socrú a dhéanamh chun fóram poiblí a thionól maidir leis an tsaincheist”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

14. I leathanach 13, fo-alt (6), línte 33 go 41, na focail go léir ó “eagraíochtaí” go dtí “scríbhinn”, agus na focail sin san áireamh, a scriosadh agus na focail seo a leanas a chur ina n-ionad:

“eagraíochtaí a roghnú a rinne iarratas faoi *fho-alt (4)* agus arb iad, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, na heagraíochtaí is cumasaí chun a bheith rannpháirteach i bplean a ullmhú, i gcomhar leis an Údarás, arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an limistéir lena mbaineann (dá ngairtear “plean Gaeilge” san alt seo) agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú sin in iúl do na heagraíochtaí i scríbhinn.”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

[SECTION 7]

15. In page 12, subsection (7), line 40, to delete “The organisation concerned” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta in collaboration with the organisations concerned”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

16. In page 12, subsection (7), line 40, to delete “The organisation concerned” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta, in cooperation with the organisations concerned”.

—Peadar Tóibín.

17. In page 12, lines 44 and 45, to delete subsection (8).

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

18. In page 12, subsection (8), line 45, after “concerned” to insert the following:

“and the appropriate resources will be made available”.

—Peadar Tóibín.

19. In page 14, subsection (9), line 3, after “*subsection (3)*,” to insert the following:

“up to a maximum period extending no longer than two years from the date of the notice referred to in *subsection (1)*”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

20. In page 14, subsection (9), line 4, after “submitted” to insert the following:

“, but without exceeding two years from the date of the notice referred to in *subsection (1)*”.

—Peadar Tóibín.

21. In page 14, subsection (10), line 5, to delete “the organisation selected under *subsection (6)* does” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organisations selected under *subsection (6)* do”.

—Peadar Tóibín.

22. In page 14, subsection (10), line 5, to delete “the organisation selected” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organisations selected”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

23. In page 14, subsection (10), lines 9 and 10, to delete “the organisation” and substitute “an tÚdarás”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

24. In page 14, subsection (10), line 11, to delete “may” and substitute “shall”.

—Peadar Tóibín.



[ALT 7]

15. I leathanach 13, fo-alt (7), líne 42, “an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh” agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“Údarás na Gaeltachta, i gcomhar leis na heagraíochtaí lena mbaineann”.  
—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

16. I leathanach 13, fo-alt (7), líne 42, “Déanfaidh an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i gcomhar leis na heagraíochtaí lena mbaineann”.  
—Peadar Tóibín.

17. I leathanach 13, línte 46 agus 47, fo-alt (8) a scriosadh.  
—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

18. I leathanach 13, fo-alt (8), líne 47, “agus cuirfear na hacmhainní cuí ar fáil” a chur isteachi ndiaidh “a ullmhú”.  
—Peadar Tóibín.

19. I leathanach 15, fo-alt (9), líne 4, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “Aire”:

“, ach sin gan dul thar dhá bhliain ó dháta an fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*”.  
—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

20. I leathanach 15, fo-alt (9), líne 4, “, ach sin gan dul thar dhá bhliain ó dháta an fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*” a chur isteach i ndiaidh “an Aire”.  
—Peadar Tóibín.

21. I leathanach 15, fo-alt (10), líne 5, “an eagraíocht ” a scriosadh “Údarás na Gaeltachta ná na heagraíochtaí a roghnófar” a chur ina n-ionad.  
—Peadar Tóibín.

22. I leathanach 15, fo-alt (10), líne 5, “an eagraíocht a roghnófar” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“Údarás na Gaeltachta agus na heagraíochtaí a roghnófar”.  
—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

23. I leathanach 15, fo-alt (10), líne 10, “leis an eagraíocht” a scriosadh agus “leis an Údarás” a chur ina ionad.  
—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

24. I leathanach 15, fo-alt (10), líne 11, “féadfaidh” a scriosadh agus “déanfaidh” a chur ina ionad.  
—Peadar Tóibín.

[SECTION 7]

25. In page 14, subsection (10)(a), lines 12 to 14, to delete all words from and including “to” in line 12 down to and including “(4)” in line 14.  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.
26. In page 14, subsection (10)(b), lines 18 and 19, to delete all words from and including “if” in line 18 down to and including “plan,” in line 19.  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.
27. In page 14, subsection (10)(b), line 22, after “area” to insert the following:  
“but only after An tÚdarás arranges to hold a public forum on the issue”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.
28. In page 14, subsection (12), line 30, to delete “the organisation concerned” and substitute “Údarás na Gaeltachta”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.
29. In page 14, subsection (13), line 35, to delete “the organisation concerned” and substitute “an tÚdarás”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.
30. In page 14, subsection (13), line 35, to delete “the organisation concerned” and substitute “Údarás na Gaeltachta”.  
—Peadar Tóibín.
31. In page 14, subsection (13), lines 38 to 43, to delete paragraph (a).  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.
32. In page 14, subsection (13)(b), lines 44 and 45, to delete all words from and including “if” in line 44 down to and including “plan,” in line 45.  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.
33. In page 16, lines 4 to 7, to delete subsection (15).  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

SECTION 8

34. In page 16, subsection (1), lines 12 and 13, to delete “the organisation selected” and substitute the following:  
“Údarás na Gaeltachta in collaboration with the organisations selected”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.
35. In page 16, subsection (1), line 12, to delete “the organisation” and substitute the following:  
“Údarás na Gaeltachta in cooperation with the organisations”.  
—Peadar Tóibín.

[ALT 7]

25. I leathanach 15, fo-alt (10)(a), línte 13 agus 14, na focail go léir ó “eagraíocht eile” i líne 13, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí “a roghnú chun” i líne 14, lena n-áirítear na focail sin, a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

26. I leathanach 15, fo-alt (10)(b), línte 19 agus 20, na focal go léir ó “mura mbeidh” i líne 19, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí “ullmhú” i líne 20, lena n-áirítear an focal sin, a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

27. I leathanach 15, fo-alt (10)(b), líne 24, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “dá éis”:

“, ach sin amháin i ndiaidh don Údarás socrú a dhéanamh chun fóram poiblí a thionól maidir leis an tsaincheist”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

28. I leathanach 15, fo-alt (12), líne 32, “an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus “le hÚdarás na Gaeltachta” a chur ina ionad.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

29. I leathanach 15, fo-alt (13), líne 37, “leis an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus “leis an Údarás” a chur ina ionad.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

30. I leathanach 15, fo-alt (13), líne 37, “leis an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh amach agus na focail “le hÚdarás na Gaeltachta” a chur ina háit.

—Peadar Tóibín.

31. I leathanach 15, fo-alt (13), línte 41 go 46, mír (a) a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

32. I leathanach 15, fo-alt (13)(b), línte 47 agus 48, na focail go léir ó “mura mbeidh” i líne 47, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí “ullmhú,” i líne 48, lena n-áirítear an focal sin, a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

33. I leathanach 17, línte 4 go 7, fo-alt (15) a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

ALT 8

34. I leathanach 17, fo-alt (1), líne 12, “is í an eagraíocht” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“is é Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis na heagraíochtaí”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

35. I leathanach 17, fo-alt (1), líne 12, “is í an eagraíocht” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ionad:

“is é Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis na heagraíochtaí” háit.

—Peadar Tóibín.

[SECTION 7]

36. In page 16, lines 16 to 18, to delete subsection (2).  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

37. In page 16, subsection (2), line 18, after “concerned” to insert “and appropriate resources and funding will be made available”.  
—Peadar Tóibín.

38. In page 16, subsection (3), line 19, to delete “The Minister” and substitute “An Coimisinéir Teanga”.  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

39. In page 16, subsection (3), lines 21 and 22, to delete “as appear to the Minister to be necessary or appropriate for the implementation of the plan concerned” and substitute “as the Minister may by regulations fix”.  
—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

40. In page 16, between lines 22 agus 23, after subsection (3) to insert the following new subsection:

“(4) The Minister must use criteria to measure the suitability and progress of the plan, and he or she shall publish those criteria before this Act comes into force”.  
—Peadar Tóibín.

41. In page 16, subsection (4), line 23, to delete “the Minister” and substitute “An Coimisinéir Teanga”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

42. In page 16, subsection (4), lines 26 and 27, to delete “the organisation concerned” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organizations concerned, which shall include other public organizations that have responsibilities in relation to the implementation of the 20 Year Strategy for the Irish Language”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

43. In page 16, subsection (4), lines 26 and 27, to delete “the organisation concerned” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organisations concerned, including other public organisations having duties as regards the implementation of the 20 Year Strategy for the Irish Language”.  
—Peadar Tóibín.

44. In page 16, subsection (5), line 31, to delete “The Minister may, where the Minister” and substitute the following:

“An Coimisinéir Teanga may, where An Coimisinéir Teanga”.  
—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

[ALT 7]

36. I leathanach 17, línte 15 go 17, fo-alt (2) a scriosadh.  
—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

37. I leathanach 17, fo-alt (2), líne 17, “agus cuirfear acmhainní agus maoiniú cuí ar fáil” a chur isteach i ndiaidh “i ngníomh”.  
—Peadar Tóibín.

38. I leathanach 17, fo-alt (3), líne 18, “an tAire” a scriosadh agus “an Coimisinéir Teanga” a chur ina n-iona.  
—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

39. I leathanach 17, fo-alt (3), línte 20 agus 21, na focail “is dóigh leis an Aire is gá nó is cuí chun an plean lena mbaineann a chur i ngníomh” a scriosadh amach agus na focail “a shocróidh an tAire le rialacháin” a chur ina háit.  
—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

40. I leathanach 17, idir línte 22 agus 23, an fo-alt nua seo a chur isteach i ndiaidh fho-alt 3:

“(4) Ní foláir don Aire critéir a úsáid chun oiriúnacht agus dul chun cinn an phlean a thomhas, agus foilseoidh sé nó sí na critéir sin sula dtiocfaidh an tAcht seo i bhfeidhm.”.

—Peadar Tóibín.

41. I leathanach 17, fo-alt (4), líne 23, “an tAire” a scriosadh agus “an Coimisinéir Teanga” a chur ina ionad.  
—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

42. I leathanach 15, fo-alt (3), línte 26 agus 27 “don eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“d’Údarás na Gaeltachta agus do na heagraíochtaí lena mbaineann, lena n-áireofar eagraíochtaí poiblí eile a bhfuil cúraimí orthu i dtaca leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i ngníomh”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

43. I leathanach 17, fo-alt (4), línte 26 agus 27, “don eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“d’ Údarás na Gaeltachta agus do na heagraíochtaí lena mbaineann, lena n-áirítear eagraíochtaí poiblí eile a bhfuil dualgais orthu ó thaobh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm.”.

—Peadar Tóibín.

44. I leathanach 17, fo-alt (5), líne 32, “Féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh an tAire” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“Féadfaidh an Coimisinéir Teanga, i gcás go measfaidh an Coimisinéir Teanga”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

[SECTION 8]

45. In page 16, subsection (6), line 34, to delete “the Minister” and substitute “An Coimisinéir Teanga”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

46. In page 16, subsection (7), line 39, to delete “the Minister” and substitute “An Coimisinéir Teanga”.

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

47. In page 16, subsection (7), line 42, after “adequately,” to insert the following:

“he or she shall inform the Minister of this opinion and”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

48. In page 16, subsection (7), line 42, to delete “the Minister may” and substitute “An Coimisinéir Teanga may recommend that the Minister”.

—Peadar Tóibín.

49. In page 16, subsection (7), line 42, after “may” to insert “then”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

50. In page 16, between lines 44 and 45, to insert the following new subsection:

“(8) Where the Minister has made a determination to revoke the designation of the area by order under *subsection (7)*, the organisation responsible for the Irish language plan may make an appeal against the determination. The office of An Coimisinéir Teanga will be responsible for the appeal process and in making his or her determination, he or she must have regard to the content of the language plan, the support received by the organisation from an tÚdarás, or from the Foras and the resources which were available to implement the plan.”.

—Peadar Tóibín.

51. In page 16, after line 47, to insert the following subsection:

“(9) Each body considered to be a public body pursuant to the Official Language Act 2003 shall ensure that the Irish language shall be a working language in its offices in the Gaeltacht no later than the 31st December 2016.”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

52. In page 16, after line 47, to insert the following subsection:

“(9) In the case of a court sitting within the Gaeltacht, the proceedings shall be conducted through the medium of Irish without prejudice to the rights of any party or witness to use his or her choice of language subject to section 8 of the Official Languages Act 2003.”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

[ALT 8]

45. I leathanach 17, fo-alt (6), líne 35, “ag an Aire” a scriosadh agus “ag an gCoimisinéir Teanga” a chur ina ionad.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

46. I leathanach 17, fo-alt (7), líne 41, “an tAire” a scriosadh agus “an Coimisinéir Teanga” a chur ina n-ionad.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

47. I leathanach 17, fo-alt (7), líne 44, an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “leordhóthanach,”:

“cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Aire agus”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

48. I leathanach 17, fo-alt (7), líne 44, “féadfaidh an tAire” a scriosadh, agus “féadfaidh an Coimisinéir Teanga a mholadh don Aire” a chur ina n-ionad.

—Peadar Tóibín.

49. I leathanach 17, fo-alt (7), líne 44 “ansin” a chur isteach roimh “féadfaidh”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

50. I leathanach 17, idir líne 46 agus líne 47, an fo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(8) I gcás go mbeidh cinneadh déanta ag an Aire ainmniú an limistéir a chúlghairm le hordú faoi *fo-alt (7)*, féadfaidh an eagraíocht atá freagrach as an bplean Gaeilge achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Is í oifig an Choimisinéara Teanga a bheidh freagrach as an bpróiseas achomhairc agus ní mór dó nó di aird a thabhairt ar ábhar an phlean teanga, ar an tacaíocht a fuair an eagraíocht ón Údarás nó ón bhForas agus ar na hacmhainní a bhí ar fáil chun an bplean a chur i ngníomh, agus é nó í ag déanamh cinnidh”.

—Peadar Tóibín.

51. I leathanach 17, i ndiaidh líne 49, an fo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(9) Cinnteoidh gach comhlacht a mheastar a bheith ina chomhlacht poiblí de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, gurb í an Ghaeilge an teanga oibre ina oifigí Gaeltachta, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016.”

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

52. I leathanach 17, i ndiaidh líne 49, an fo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(9) I gcás suí cúirte laistigh den Ghaeltacht, is trí mheán na Gaeilge a sheolfar na himeachtaí, gan dochar do chearta aon pháirtí nó aon fhinné an teanga is rogha leis nó léi a úsáid faoi réir alt 8 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.”

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

*[SECTION 8]*

**53.** In page 16, after line 47, to insert the following subsection:

“(9) In the case of a district or circuit in which there is a Gaeltacht area, at least one sitting per year of the District Court and at least one sitting per year of the Circuit Court shall be conducted in that area. At least one sitting per law term of the District Court and at least one sitting per law term of the Circuit Court shall be held in the Donegal Gaeltacht, in the Connemara Gaeltacht and in the Corca Dhuibhne Gaeltacht respectively.”

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

**54.** In page 16, after line 47, to insert the following subsection:

“(9) Each body considered to be a public body pursuant to the Official Language Act 2003 shall ensure that the Irish language shall be the working language in its offices in the Gaeltacht no later than the 31st December 2016.”

—Peadar Tóibín.

**55.** In page 16, after line 47, to insert the following subsection:

“(9) In the case of a court sitting within the Gaeltacht, the proceedings shall be conducted through the medium of Irish without prejudice to the rights of any party or of any witness to use his or her choice of language subject to section 8 of the Official Languages Act 2003.”

—Peadar Tóibín.

**SECTION 9**

**56.** In page 18, between lines 8 and 9, to insert the following new paragraph:

“(c) educational services in the Irish language.”

—Peadar Tóibín.

**57.** In page 18, subsection (3), line 18, to delete “An organisation” and substitute “Organisations”.

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

**58.** In page 18, subsection (3), lines 19 and 20, to delete all words from and including “or” in line 19 down to and including “organisation” in line 20 and substitute “to be organisations”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**59.** In page 18, subsection (3), line 19, to delete “or Foras na Gaeilge, as may be appropriate,”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**60.** In page 18, lines 24 to 42, to delete subsections (5) and (6).

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.



[ALT 8]

**53.** I leathanach 17, i ndiaidh líne 49, an fo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(9) Maidir le dúiche nó cuaird ina bhfuil limistéar Gaeltachta, déanfar suí amháin ar a laghad den Chúirt Dúiche agus suí amháin ar a laghad den Chúirt Chuarda a reáchtáil sa limistéar sin in aghaidh na bliana. Déanfar suí amháin ar a laghad den Chúirt Dúiche agus suí amháin ar a laghad den Chúirt Chuarda a reáchtáil in aghaidh an téarma dlí i nGaeltacht Dhún na nGall, i nGaeltacht Chonamara agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne faoi seach.”

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

**54.** I leathanach 17, i ndiaidh líne 49, an fo-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“(9) Cinnteoidh gach comhlacht a mheastar a bheith ina chomhlacht poiblí de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, gurb í an Ghaeilge an teanga oibre ina oifigí Gaeltachta, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016.”

—Peadar Tóibín.

**55.** I leathanach 17, i ndiaidh líne 49, an fo-alt nua seo a leanas a chur isteach:

“(9) I gcás suí cúirte laistigh den Ghaeltacht, is trí mheán na Gaeilge a sheolfar na himeachtaí, gan dochar do chearta aon pháirtí nó aon fhinné an teanga is rogha leis nó léi a úsáid faoi réir alt 8 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.”

—Peadar Tóibín.

ALT 9

**56.** I leathanach 19, idir líne 9 agus 10, an mhír seo a leanas a chur isteach:

“(c) seirbhísí oideachais trí Ghaeilge.”

—Peadar Tóibín.

**57.** I leathanach 19, fo-alt (3), líne 19, “eagraíocht” a scriosadh agus “eagraíochtaí” a chur ina ionad.

—Micheál Ó Ceit, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

**58.** I leathanach 19, fo-alt (3), línte 20 agus 21, na focail go léir ó “nó chuig Foras na Gaeilge” i líne 20, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí “ina heagraíocht” i líne 21, lena n-áirítear na focail sin, a scriosadh agus “chun bheith ina n-eagraíochtaí” a chur ina n-ionad.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

**59.** I leathanach 19, fo-alt (3), línte 20 agus 21, “nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí,” a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

**60.** I leathanach 19, línte 26 go 44, fo-ailt (5) agus (6) a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

[SECTION 9]

**61.** In page 18, lines 24 to 34, to delete subsection (5) and substitute:

“(5) Údarás na Gaeltachta shall select, where the town concerned is situated in a Gaeltacht Language Planning Area and is the subject of a notice under *subsection (2)*, organisations that have applied under *subsection (3)* and that, in the opinion of Údarás na Gaeltachta, are the organisations that are most capable of preparing a plan in co-operation with Údarás na Gaeltachta the purpose of which is to provide for and encourage the increased use of the Irish language in the family, educational, public, social, recreational and commercial life of the town concerned (in this section referred to as an “Irish language plan”) and of certifying that the public services and, as appropriate, other services provided in the town are available to the Gaeltacht community through the medium of the Irish language, in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify that organisation in writing of the selection.”.

—Peadar Tóibín.

**62.** In page 18, subsections (5) and (6), lines 24 to 42, to delete all words from and including “where” in line 24 down to and including “selection.” in line 42 and substitute the following:

“organisations that have applied under *subsection (3)* and that, in the opinion of Údarás na Gaeltachta, are the organisations that are most capable of preparing a plan in collaboration with An tÚdarás the purpose of which is to provide for and encourage the increased use of the Irish language in the family, educational, public, social, recreational and commercial life of the town concerned and to ensure that the public services and other services, as appropriate, provided in the town are provided through the medium of Irish to the Gaeltacht community (in this section referred to as an “Irish language plan”), in accordance with prescribed language planning criteria, and when it has done so, it shall notify that organisation in writing of the selection.”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**63.** In page 18, subsection (7), line 43, to delete “The organisation concerned” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta in collaboration with the organisations concerned”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**64.** In page 18, lines 46 to 48, to delete subsection (8).

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**65.** In page 18, subsection (8), lines 46 and 47, to delete “or Foras na Gaeilge, as may be appropriate,”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

**66.** In page 18, subsection (8), line 48, after “concerned.” to insert the following:

“Údarás na Gaeltachta, or Foras na Gaeilge, as appropriate, shall be responsible for making financing available, if required, for the implementation of the language plans.”.

—Peadar Tóibín.

[ALT 9]

61. I leathanach 19, línte 26 go 36, fo-alt (5) a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“(5) Déanfaidh Údarás na Gaeltachta, i gcás go bhfuil an baile lena mbaineann suite i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus go bhfuil sé ina ábhar d’fhógra faoi *fho-alt (2)*, eagraíochtaí a roghnú a rinne iarratas faoi *fho-alt (3)* agus arb iad, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, na heagraíochtaí is cumasaí chun plean a ullmhú i gcomhar leis an Údarás, arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an bhaile lena mbaineann (dá ngairtear “plean Gaeilge” san alt seo), agus an céanna a spreagadh, agus a dheimhniú go bhfuil na seirbhísí poiblí agus, de réir mar is cuí, seirbhísí eile a chuirtear ar fáil sa bhaile sin ar fáil do phobal na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl do na heagraíochtaí sin i scríbhinn.”

—Peadar Tóibín.

62. I leathanach 19, fo-ailt (5) agus (6), línte 26 go 44, na focail go léir ó “i gcás go bhfuil an baile suite” i líne 26, lena n-áirítear na focail sin, síos go dtí “i scríbhinn” i líne 44, lena n-áirítear na focail sin, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

“eagraíochtaí a roghnú a mbeidh iarratas déanta acu faoi *fho-alt (3)* agus arb iad, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, na heagraíochtaí is cumasaí chun plean a ullmhú, i gcomhar leis an Údarás, arb é is cuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaeilge i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an bhaile lena mbaineann agus a dheimhniú go bhfuil na seirbhísí poiblí agus, de réir mar is cuí, seirbhísí eile a chuirtear ar fáil sa mbaile sin ar fáil do phobal na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge (dá ngairtear “plean Gaeilge” san alt seo), agus an céanna a spreagadh, de réir critéar pleanála teanga forordaithe, agus nuair a bheidh déanta amhlaidh aige, cuirfidh sé an roghnú in iúl do na heagraíochtaí sin i scríbhinn.”

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

63. I leathanach 19, fo-alt (7), líne 45, “an eagraíocht lena mbaineann” a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis na heagraíochtaí lena mbaineann”.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

64. I leathanach 19, línte 48 go 50, fo-alt (8) a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

65. I leathanach 19, fo-alt (8), línte 48 agus 49, “nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí,” a scriosadh.

—Micheál Ó Ceit agus Éamon Ó Cuív.

66. I leathanach 19, fo-alt (8), líne 50, “Beidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, freagrach as maoiniú a chur ar fáil, más gá, chun na pleananna teanga a chur i ngníomh.” a chur isteach i ndiaidh “a ullmhú.”

—Peadar Tóibín.

[SECTION 9]

67. In page 20, subsection (9), line 3, after “*subsection (2)*” to insert the following:

“up to a maximum period extending no longer than two years from the date of the notice referred to in *subsection (1)*”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

68. In page 20, subsection (9), line 4, after “submitted” to insert the following:

“without exceeding two years from the date of the notice referred to in *subsection (1)*”.

—Peadar Tóibín.

69. In page 20, subsection (10), lines 5 and 6, to delete “the organisation selected under *subsection (5)* or *(6)* does” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organisations selected under *subsection (5)* or *(6)* do”.

—Peadar Tóibín.

70. In page 20, subsection (10), line 5, to delete “the organisation selected” and substitute the following:

“Údarás na Gaeltachta and the organizations selected”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

71. In page 20, subsection (10), line 10, to delete “the organisation” and substitute “an tÚdarás”.

—Michael P. Kitt and Éamon Ó Cuív.

72. In page 20, subsection (10), line 11, to delete “may” and substitute “shall”.

—Michael P. Kitt, Éamon Ó Cuív, Peadar Tóibín.

